Scríobh litir chuig Tionscadal Stair Bhéil an CLG

Do dhaoine a bhfuil suim acu páirt a ghlacadh i dTionscadal Stair Bhéil an CLG ach nach bhfuil ag iarraidh ceistneoir a líonadh isteach, is féidir litir a scríobh chuig an dtionscadal.

Is féidir sa litir seo, do thuairmí faoin CLG a léiriú, nó scéal a insint faoin bpáirt a ghlac tú féin sa chumann, cuimhní speisialta nó na scéalta is fearr leat.

Is féidir chomh maith do litir a bhunú ar chuid de na téamaí atá léirithe sa cheistneoir.

Níl uasmhéid nó íosmhéid maidir leis an litir, bheimid an-bhuíoch as d'ionchur a fháil.

Ba cheart go mbeadh an t-eolas seo a leanas san áireamh sna litreacha:

Ainm

Seoladh

Bliain Saolaithe

Contae Dúchais

Ba cheart go mbeadh an ráiteas seo a leanas san áireamh sna litreacha:

"Leis seo, sannaim cóipcheart na bhfreagraí thuas go Tionscadal Stair Bhéil an CLG, agus an tuiscint ann nach mbainfear úsáid as an ábhar i slí maslach. Tuigim go bhfuilim ag tabhairt an chirt do Thionscadal Stair Bhéil an CLG úsáid a bhaint as ábhar na litreach seo agus é a chur ar fáil don phobal."

Nuair atá an litir scríofa agat, cuir i ríomhphost í chuig info@gaahistory.com

Nó sa phost chuig:

Tionscadal Stair Bhéil an CLG
Coláiste Bhostúin,
42 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2.

Le haghaidh tuilleadh eolais téigh i dteagmháil le ball den fhoireann taighde ar an nguthán ar: +353 (0)1 662 5055.